Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
**FT 1**
**Aicmiú Sonraí R**

# Foirm iarratais don
# Scéim Saorthaistil

## Cad atá i gceist leis an Scéim Saorthaistil?

Tugann an Scéim Saorthaistil deis do dhaoine taisteal saor in aisce ar iompar poiblí an Stáit. Cuimsíonn sé seo bus, iarnród agus LUAS le cúpla eisceacht.

Tugann an scéim deis do dhaoine taisteal saor in aisce ar roinnt seirbhísí bus agus bád farantóireachta príobháideacha freisin. Is féidir leat liosta iomlán d'oibritheoirí príobháideacha atá rannphairteach a aimsiú trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/freetravel**.

Ní féidir iarratas a dhéanamh ar an Scéim Saorthaistil mura bhfuil Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP) agat. Déan coinne ag d'Ionad Clárúcháin CSP/SAFE chun CSP a fháil, tá sonraí ar fáil ag **www.gov.ie/PSCCentres**.

Má tá CSP agat a bhfuil Saorthaisteal air agus má cailleadh, goideadh, rinneadh damáiste don chárta nó má tá an cárta imithe in éag, cuir glaoch le do thoil ar **0818 837 000** chun cárta nua a lorg - ná comhlánaigh an fhoirm seo.

## Cén chaoi ar féidir liom cáiliú don Saorthaisteal?

Beidh tú in ann cáiliú don Saorthaisteal más amhlaidh gur cónaitheoir tú de réir an dlí agus ag cónaí sa Stát go buan, má tá tú níos sine ná 66 bliain d'aois agus má tá tú cláraithe don CSP. Tá roinnt daoine ar éagumas atá níos óige ná 66 bliain d'aois cáilithe chomh maith.

Cuirfear CSP le Saorthaisteal air ar fáil duit go huathoibríoch nuair a shroicheann tú 66 bliain d'aois má tá tú cláraithe dó, mura bhfuil do chárta imithe in éag agus má ta pinsean á fháil agat ón roinn seo. Má tá tú níos óige ná 66 agus bronnadh Pinsean Easláine, Pinsean na nDall, Liúntas Míchumais nó Liúntas do Chúramóirí ort, cuirfear CSP le Saorthaisteal air ar fáil duit go huathoibríoch má tá tú cláraithe dó agus mura bhfuil do chárta imithe in éag.

Má chuaigh do chárta in éag, ní mór duit athnuachan a dhéanamh air chun leas a bhaint as an Scéim Saorthaistil. Is féidir leat seo a dhéanamh ag d'Ionad áitiúil CSP/SAFE, is féidir teacht ar shonraí faoi seo ag **www.gov.ie/PSCCentres**. Má tá ceist agat maidir leis an bpróiseas athnuachana, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach CSP trí ghlaoch a chur ar **0818 837 000**.

## Conas an fhoirm iarratais a chomhlanú?

Tá sonraí ar chúl an leathanaigh seo ar féidir úsáid a bhaint astu mar threoir chun an fhoirm seo a chomhlánú. Le do thoil scríobh le peann gránbhiorach **dubh**, úsáid **cinnlitreacha**, cuir **X** sna boscaí ábhartha agus comhlánaigh:

- **Páirt 1** agus **Páirt 2** agus sínigh agus cuir dáta ar an dearbhú i **bPáirt 8**;
- **Páirt 3** má tá tú níos óige ná 66 bliain d'aois;
- **Páirt 4** más mian leat taisteal le do pháirtí;
- **Páirt 5** má tá measúnú déanta ort a thugann le fios go bhfuil tú neamhábalta de réir míochaine taisteal i d'aonar; **agus**
- **Páirt 6** má tá tú ar Chlár na nDall.

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Seol an fhoirm chomhlánaithe go dtí:

**An Rannóg Saorthaistil**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach
F91 T384

## Conas is féidir liom cabhair agus tuilleadh eolais a fháil?

Má tá aon chabhair uait chun an fhoirm seo a chomhlánú, téigh i dteagmháil leis an rannóg Saorthaistil le do thoil, trí ríomhphost ag **freetravelqueries@welfare.ie** nó trí ghlaoch a chur ar **071 915 7100** nó **0818 200 400**. Is féidir le d'Ionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh nó aon Ionad Eolais do Shaoránaigh cabhair a thabhairt duit freisin. Is féidir leat ainm agus seoladh d'Ionaid Intreo áitiúil nó Oifig Leasa Shóisialaigh a aimsiú ar **www.gov.ie/intreocentres**.

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/freetravel**.

## Conas an fhoirm seo a chomhlánú

**Chun cabhrú linn an fhoirm seo a phróiseáil, scríobh litreacha agus uimhreacha go soiléir agus bain úsáid as bosca amháin do gach ceann acu. Féach samplaí thíos.**

## Cuid 1 Do shonraí

| | |
|---|---|
| **1.** D'uimhir PSP: | 1 2 3 4 5 6 7 T |
| **2.** Teideal, cuir isteach **X** nó sonraigh: | An tUas ☐ Bean ☒ Iníon ☐ Eile |
| **3.** Sloinne: | M U R P H Y |
| **4.** Céadainmneacha: | M A U R E E N |
| **5.** Do shloinne breithe: | M C C A R T H Y |
| **6.** Do dháta breithe: | 2 8 (L L) 0 2 (M M) 1 9 7 0 (B B B B) |
| **7.** Do sheoladh: | 1 SRÁID NUA |
| | SEANBHAILE |
| | BAILE DÚN NA NGALL |
| Contae | DÚN NA NGALL Éirchód A65F4E2 |
| **8.** D'uimhir ghutháin: | 0 8 8 1 2 3 4 5 6 7 |
| **9.** Do sheoladh ríomhphoist: | MMURPHY@WELFARE.IE |

SAMPLA

Foirm iarratais don

# Scéim Saorthaistil

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
**FT 1**
**Aicmiú Sonraí R**

## Cuid 1 Do shonraí

**1.** D'uimhir PSP:

**2.** Teideal, cuir isteach **X** nó sonraigh: An tUas ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Eile

**3.** Sloinne:

**4.** Céadainmneacha:

**5.** Do shloinne breithe:

**6.** Do dháta breithe: L L M M B B B B

**7.** Do sheoladh:

Contae Éirchód

**8.** D'uimhir ghutháin:

**9.** Do sheoladh ríomhphoist:

## Cuid 2 — Sonraí maidir le do stádas sibhialta

**10.** An bhfuil tú?

- ☐ Singil
- ☐ Pósta
- ☐ Scartha
- ☐ Colscartha
- ☐ i do Bhaintreach
- ☐ In aontíos
- ☐ I bPáirtnéireacht Shibhialta
- ☐ I do Pháirtí Sibhialta atá beo go fóill
- ☐ I d'Iarpháirtí Sibhialta
  (bhí tú i bPáirtnéireacht Shibhialta agus cealaíodh í ó shin)

**11.** Má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta, nó in aontíos, ón cén dáta ar thosaigh tú?

L L / M M / B B B B

**Tábhachtach:** Ceangal do dheimhniú pósta nó do dheimnhiú pháirtnéireacht shibhialta má phós tú nó má chláraigh tú lasmuigh d'Éire.

**12.** Más Baintreach Mná, Baintreach Fir nó más Páirtí sibhialta atá beo go fóill tú, agus tá tú idir 60 agus 65 bliain d'aois, an raibh Pas Saorthaistil ón roinn seo ag do chéile nó ag do pháirtí sibhialta nach maireann?

☐ Bhí ☐ Ní raibh

Má roghnaigh tú **bhí**, luaigh le do thoil:

A (h)uimhir PSP:

A s(h)loinne:

A c(h)éadainmneacha:

A d(h)áta breithe: L L / M M / B B B B

An raibh tú i do chónaí le do chéile nó páirtí sibhialta nach maireann ag an am go bhfuair siad bás?

☐ Bhí ☐ Ní raibh

## Cuid 3 Do shonraí éilimh

**Tabhair faoi deara:** Ná freagair na ceisteanna seo a leanas le do thoil ach amháin má tá tú **faoi** 66 bliain d'aois. Má tá tú **níos sine ná** 66 bliain d'aois, gabh ar aghaidh go dtí **Cuid 4**, le do thoil.

**13.** An bhfuil pinsean ceirde á fháil agat? ☐ Tá ☐ Níl

**14.** An bhfuil tú ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh ó thír eile? ☐ Tá ☐ Níl

Má d'fhreagair tú **tá** do cheachtar den dá cheist thuas, ceangal taifead íocaíochta agus luaigh:

Cineál íocaíochta: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Foinse na híocaíochta: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Má fhaigheann tú íocaíocht ó aon áisíneacht eile tabhair d'uimhir árachais nó éilimh:

☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Tábhachtach:** Ceangal dearbhú scríofa ón áisíneacht atá i mbun íocaíochta agus an cineál pinsin a íoctar leat agus na liúntais difriúla atá i gceist leis an íocaíocht seo.

## Cuid 4 Saorthaisteal do do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir

**Tabhair faoi deara:** Más mian le do chéile, do pháirtí sibhialta, nó d'aontíosóir taisteal saor in aisce leat, comhlánaigh na sonraí seo le do thoil.

**15.** A (h)uimhir PSP: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**16.** Teideal, cuir isteach **X** nó sonraigh: An tUas ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Eile ☐☐☐☐☐☐☐

**17.** A s(h)loinne: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**18.** A c(h)éadainmneacha: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**19.** A s(h)loinne breithe: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**20.** A d(h)áta breithe: ☐☐ ☐☐ ☐☐☐☐
L L M M B B B B

**Tabhair faoi deara:** Ceangal a t(h)eastas breithe má rugadh iad lasmuigh d'Éire.

## Cuid 5 Saorthaisteal Compánaigh

**Tabhair faoi deara:** Seans go mbeidh tú in ann cáiliú do Chárta Seirbhíse Poiblí le Saorthaisteal Compánaigh má mheastar de réir míochaine nach féidir leat taisteal i d'aonar. Tugann seo deis do dhuine amháin, níos sine ná 16 bliana d'aois, taisteal leat saor in aisce. Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **www.gov.ie/freetravel**

**21.** An bhfuil sé i gceist agat iarratas a dhéanamh ar Shaorthaisteal Compánaigh? ☐ Tá ☐ Níl

**Tabhair faoi deara:** Má tá iarratas a dhéanamh agat ar Shaorthaisteal Compánaigh, seolfaimid foirm eile duit le comhlánú.

## Cuid 6 Saorthaisteal Compánaigh maidir le duine dall nó le páiste a bhfuil lagú radhairc orthu

**Tabhair faoi deara:** Má tá tú ar Chlár na nDall, **ní mór** duit fianaise a chur ar fáil nó duine ó Chomhairle Náisiúnta na nDall nó ó Léig Náisiúnta na nDall na nithe seo a leanas a chomhlánú. **Ná** líon an chuid seo mura bhfuil an duine ainmnithe i **bPáirt 1** ar Chlár na nDall.

Sínigh nó marcáil mura féidir síniú a thabhairt, **ná húsáid** ceannlitreacha.

Dáta: L L M M 2 0 B B

Mura féidir leat síniú a thabhairt, bíodh finné agat agus tú á mharcáil agus lig don fhinné síniú a thabhairt thíos.

Síniú an fhinné, **ní** i gceannlitreacha.

Dáta: L L M M 2 0 B B

Stampa Oifigiúil na Comhairle nó Léige

Má tá tú níos óige ná 18 mbliana d'aois agus níl tú ar Chlár na nDall le Comhairle Náisiúnta na nDall nó le Léig Náisiúnta na nDall, ceangal fianaise míochaine le déanaí de lagú radhairc ó do speisialtóir súl.

## Cuid 7 Eolas tábhachtach

Tá do Chárta Seirbhíse Poiblí le Saorthaisteal fíorluachmhar agus le haghaidh d'úsáid féin agus níl sé inaistrithe d'éinne eile. Ní féidir le duine eile do Chárta Seirbhíse Poiblí le Saorthaisteal a úsáid am ar bith **i gcás ar bith**. Is leis an Roinn Coimirce Sóisialaí an cárta seo.

Tá sé mar aidhm ag an roinn seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil i dtimpeallacht shábháilte daingin agus is amhlaidh atá maidir le soláthraithe seirbhísí chomh maith. Tá sé mar dhualgas orainn, chomh fada agus is féidir go réasúnta, sláinte, sábháilteacht agus leas ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe agus muintir an phobail go léir a chinntiú.

Tá coinníollacha maidir le húsáid an Chárta Seirbhíse Poiblí le Saorthaisteal faoi réir fo-dhlíthe, rialacháin agus maidir le coinníollacha na gcomhlachtaí taistil.

Má thuairiscítear go bhfuil duine éigin ag baint mí-úsáide as a gceart ar Shaorthaisteal tríd cárta a úsáid go héagórach nó trí páirt a ghlacadh in iompar frithshóisialta agus an cárta in úsáid acu, déanfaidh an roinn athbhreithniú ar cheart an duine sin um Shaorthaistil.

Má tá tú i dteideal Saorthaistil agus níl tú cláraithe don Chárta Seirbhíse Poiblí, beidh ort clárú sula n-eiseofar do Chárta Seirbhíse Poiblí le Saorthaisteal.

## Cuid 8 Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas ar fad atá tugtha agam ar an bhfoirm seo ionraic, cruinn agus iomlán, agus go bhfuilim i mo chónaitheoir dlíthiúil agus ag cónaí go buan sa Stát. Tuigim má tá aon eolas a thug mé bréagach nó míchruinn nó má theipeann orm aon eolas ábhartha a nochtadh, beidh orm gach buntáiste a fhaighim ón roinn a athíoc agus féadfar an dlí a chuir orm. Geallaim go gcuirfidh mé an Roinn ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar mo chúinsí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mo theidlíocht leanúnach.

Sínigh nó marcáil mura féidir síniú a thabhairt, **ná húsáid** ceannlitreacha.

Dáta: __ __ / __ __ / 2 0 __ __
L L M M B B B B

Mura féidir leat síniú a thabhairt, bíodh finné agat agus tú á mharcáil agus lig don fhinné síniú a thabhairt thíos.

Síniú an fhinné, **ní** i gceannlitreacha.

Dáta: __ __ / __ __ / 2 0 __ __
L L M M B B B B

**Rabhadh:** Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó faisnéis a choinneáil siar, féadfar tú a ionchúiseamh, rud a dtiocfaidh fíneáil, téarma príosúin nó an dá rud as.

## Ráiteas um Chosaint Sonraí

Riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí córas cosanta sóisialta na hÉireann. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile i gcás ina bhforáiltear dó sin le dlí. Is féidir teacht ar ár mbeartas um chosaint sonraí ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is mar threoir amháin a bheartaítear mínithe agus téarmaí a úsáidtear san fhoirm seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil iad.